

<b>Gaeilge</b>	<b>Béarla</b>
<b>1. Chuir na buachaillí chun bóthair abhaile ansin.</b>	<b>Then the boys set off towards home.</b>
a. an buachaill / na buachaillí	the boy / the boys
b. an bóthar / an bhóthair	the road / of the road
c. an obair / na hoibre	the work / of the work
d. Chuir mé chun oibre.	I got to work.
<b>2. Rith gabhar trasna an bhóthair.</b>	<b>A goat ran across the road.</b>
a. an bord / an bhoird / trasna an bhoird	the table / of the table / across the table
b. Rith an cat trasna an bhoird.	The cat ran across the table.
c. an pháirc / na páirce / trasna na páirce	the field / of the field / across the field
d. Rith an madra trasna na páirce.	The dog ran across the field.
<b>3. B'éigean dóibh na coscáin a tharraingt go tobann.</b>	<b>They had to pull the brakes suddenly.</b>
a. an coscán / na coscáin	the brake / the brakes
b. B'éigean dom an ceapaire a ithe.	I had to eat the sandwich.
c. B'éigean dó dul abhaile.	He had to go home.
d. B'éigean do Sheán fanacht sa bhaile.	John had to stay at home.
e. b'éigean dom / duit / dó / di / dúinn / daoibh / dóibh	I / you / he / she / we / ye / they had to
f. Caithfidh mé dul abhaile.	I have to go home.
<b>4. Tháinig siad anuas dá rothair.</b>	<b>They came down off their bicycles.</b>
a. an rothar / na rothair	the bicycle / the bicycles
b. Tháinig mé anuas de mo rothar.	I came down off my bicycle.
<b>5. Lig Dónall béic as a chuir eagla ar an ngabhar.</b>	<b>Daniel let out a yelp that frightened the goat.</b>
a. Lig sí béic aisti.	She let out a yell.
b. Tá eagla orm.	I'm afraid.
c. Tá eagla ar an ngabhar.	The goat's afraid.
d. Chuir sé eagla ar an ngabhar.	He frightened the goat (put fear on it).
e. D'ól mé deoch a chuir tuirse orm.	I drank a drink that made me tired.
<b>6. Phreab sé thar an glaí.</b>	<b>It jumped over the wall.</b>
a. Phreab sé thar an mbord.	It jumped over the table.
b. Phreab sé thar bhord.	It jumped over a table.
c. Phreab sé tharam.	It jumped over me.

<b>7. D'imigh sé leis ar cos in airde.</b>	<b>It went off with flying feet.</b>
a. d'imigh sé	he left
b. d'imigh sé leis	he went off
<b>8. Thosaigh na buachaillí ag gáire.</b>	<b>The boys began to laugh.</b>
a. Thosaigh siad ag rith.	They began running.
b. Thosaigh mé an dinnéar a ithe.	I began to eat dinner.
c. Thosaigh mé é a dhéanamh.	I began to do it.
<b>9. Bhí an ghrian ag bun na spéire.</b>	<b>The sun was on the horizon.</b>
a. an spéir / na spéire / bun na spéire	the sky / of the sky / base of the sky
<b>10. Lean na buachaillí orthu go tapaidh.</b>	<b>The boys continued on hurriedly.</b>
a. lean na buachaillí	the boys continued
b. lean na buachaillí orthu	the boys continued on
<b>11. Níorbh fhada gur shroich siad an baile.</b>	<b>It wasn't long until they reached home.</b>
a. Níorbh fhada gur ith siad an tseacláid.	It wasn't long until they ate the chocolate.
b. Níorbh fhada gur tháinig sé ar ais.	It wasn't long until he came back.
c. Níorbh fhada go raibh sé ar ais.	It wasn't long until he was back.
<b>12. Dónall: Bhí lá iontach againn, a Ghearóid.</b>	<b>Daniel: We had a wonderful day, Gerald.</b>
<b>13. Gearóid: Bhí, go deimhin. Ní dhéanfaidh mise dearmad ar an ngabhar sin go deo.</b>	<b>Gerald: We did, indeed. I'll never forget that goat.</b>
a. Rinne mé dearmad air.	I forgot it
b. Ní dhearna mé dearmad air.	I didn't forget it
c. Déanfaidh tú dearmad air.	You'll forget it.
d. Ní dhéanfaidh tú dearmad air.	You won't forget it.
e. Ná déan dearmad air!	Don't forget it!
f. Ná déan dearmad ar do chóta!	Don't forget your coat!
<b>14. Dónall: Ná mise, ach oiread.</b>	<b>Nor I, either.</b>
<b>15. Gearóid: Oíche mhaith agat, a Dhónaill.</b>	<b>Gerald: Good night, Daniel.</b>
<b>16. Dónall: Oíche mhaith agatsa, a Ghearóid.</b>	<b>Daniel: Good night, Gerald.</b>

<b>Ceisteanna</b>	<b>Questions</b>
Q1. Céard a rinne na buachaillí?	What did the boys do?
Q2. Céard a rinne an gabhar?	What did the goat do?
Q3. Cár imigh an gabhar?	Where did the goat go?
Q4. Céard a chur eagla ar an ngabhar?	What frightened the goat?
Q5. An raibh eagla ar na buachaillí?	Were the boys afraid?
Q6. Ar imigh an gabhar leis go mall?	Did the goat go off slowly?
Q7. Ar thaitin an lá leis na buachaillí?	Did the boys enjoy the day? (Did the day please the boys?)
Q8. Céard a dúirt Gearóid faoin ngabhar?	What did Gerald say about the goat?
Q9. An bhfaca tú gabhar riamh?	Have you ever seen a goat?
Q10. An bhfuil gabhar agatsa sa bhaile?	Do you have a goat at home?
Q11. An maith leat bainne gabhair?	Do you like goat's milk?
Q12. An bhfuil rothar agat?	Do you have a bicycle?
Q13. An maith leat dul ag rothaíocht?	Do you like to go cycling?
Q14. An maith leat dul ag marcaíocht?	Do you like to go horseback riding?
Q15. An fearr leat bheith ag siúl nó ag rith?	Do you prefer to walk or run?